Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021
(OR. en)

9482/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0068(COD)**

| | |
|---|---|
| **CODEC 830** | **SAN 364** |
| **COVID-19 243** | **TRANS 366** |
| **JAI 673** | **COCON 42** |
| **POLGEN 93** | **COMIX 305** |
| **FRONT 217** | **SCHENGEN 51** |
| **FREMP 161** | **AVIATION 146** |
| **IPCR 76** | **PHARM 114** |
| **VISA 121** | **RELEX 514** |
| **MI 433** | **TOUR 42** |

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat le haghaidh eisiúint, fíorú agus glacadh deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh ar mhaithe leis an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (Deimhniú Glas Digiteach) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 17 Márta 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 21(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 21 Bealtaine 2021, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa i gcruinnithe tríthaobhacha agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach Choiste LIBE ina ndéarfar, i gcás ina nglacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir athbhreithnithe arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

[1] 7128/21 + ADD1.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 9 Meitheamh 2021[2].

4. Ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Meitheamh 2021, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfaí ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 25/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. Tá an ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle agus atá le foilsiú i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* leagtha amach in Aguisín 1. Na ráitis ón Ostair agus ón mBulgáir do mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle, leagtar amach iad in Aguisín 2.

6. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 25/21 é.

7. Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh sa fhriotal a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[2] 9506/21